



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

EUCO XT 20018/19

BXT 69
CO EUR 26
CONCL 8

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (17 Deireadh Fómhair 2019) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí¹, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach (Airt. 50) ag an gcruinniú thuasluaite.

¹ Tar éis fógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí nó i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach. Ar an mbonn sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfaidh an comhaontú teacht i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2019, ionas go bhforálfar do tharraingt siar rianúil.
2. Formheasann an Chomhairle Eorpach an Dearbhú Polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann. Athdhearbhaíonn an Chomhairle diongbháilteacht an Aontais caidreamh a bheith aige leis an Ríocht Aontaithe sa todhchaí atá chomh dlúth agus is féidir, i gcomhréir leis an Dearbhú Polaitiúil. Leanfaidh cur chuige an Aontais de bheith á threorú ag na seasaimh fhoriomlána agus na prionsabail fhoriomlána a leagadh amach sna treoirlínte ón gComhairle Eorpach a comhaontaíodh roimhe seo agus lena chois sin a leagadh amach i ráitis agus i ndearbhuithe, go háirithe iad siúd a tugadh ar an 25 Samhain 2018. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo os a comhair i gcónaí.
3. Gabhann an Chomhairle Eorpach a buíochas an athuair le Michel Barnier as na sáriarrachtaí a rinne sé ina cháil mar phríomh-idirbheartaí an Aontais agus as an méid a rinne sé d'fhonn aontacht a chothú i measc Bhallstáit AE27 ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach.
